

Treoracha le haghaidh Scoileanna

- I gcás go bhfuil cúis inní ag scoil maidir le tinreamh dalta ar leith, ar cibé cúis agus d'ainneoin na n-iarrachtaí uile réiteach a fháil ar an scéal ag leibhéal na scoile, féadtar **Atreorú foirmiúil i scríbhinn** a dhéanamh chuig na Seirbhísí Leasa Oideachais (SLO).
- Is gá don scoil **Seicliosta simplí réamh-atreorúcháin** a líonadh mar chuid den **Atreorú foirmiúil**.
- Tráth a bhfuil na foirmeacha á líonadh, tabhair faoi deara:
 - Tá **Seicliosta Réamh-atreorúcháin** ann le haghaidh scoileanna: Is éard is cuspóir leis an seicliosta seo cuidiú leis an scoil achoimre bheag a thabhairt ar na gníomhartha a cuireadh i bhfeidhm go dtí sin i ndáil leis an leanbh i gceist agus plé a spreagadh ag leibhéal na scoile faoi aon idirghabhálacha eile a d'fhéadfaí a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm sula ndéantar an t-atreorú.
 - An **Fhoirm Atreorúcháin** ina bhfuil 2 rannóg.
 - Rannóg 1: ina lorgaítear eolas faoin leanbh agus an teaghlach
 - Rannóg 2: ina lorgaítear eolas faoin leanbh ar scoil, faoi thaifead tinrimh an linbh, faoi rannpháirtíocht gníomhaireachtaí/seirbhísí eile (má tá an scoil ar an eolas fúthu), soláthar RSO sa scoil agus an chúis leis an atreorú chuig an tseirbhís reachtúil
- Is gá foirmeacha atreorúcháin, chomh luath agus atá siad comhlánaithe agus sínithe (agus cóip déanta do thaifid na scoile), a chur ar aghaidh chuig SLO tríd an bpost (**le 'ATREORÚCHÁN SLO' scríofa go soiléir orthu**), chuig an oifig chuí SLO. Sonraí thíos::

TABHAIR FAOI DEARA: Ar mhaithe le cosaint sonraí, iarrtar ort GAN Foirmeacha Atreorúcháin a chur chugainn tríd an ríomhphost, ar chúis ar bith.

Is gá foirmeacha atreorúcháin, chomh luath agus atá siad comhlánaithe agus sínithe (agus cóip déanta do thaifid na scoile), a chur ar aghaidh chuig SLO tríd an bpost (**le 'ATREORÚCHÁN SLO' scríofa go soiléir orthu**), chuig an oifig chuí SLO. Sonraí thíos:
Níor chóir atreorúcháin a chur caol díreach chuig an Oifigeach Leasa Oideachais.

Limistéar an Deiscirt: Corcaigh, Ciarraí, Luimneach, An Clár, Tiobraid Árann, Port Láirge, Loch Garman, Cill Chainnigh, Cill Mhantáin Thoir.

Sa Phost: Réigiún Atreorúcháin 1, An tSeirbhís Leasa Oideachais, Tusla, Bloc C, Páirc Ghnó Heritage, Bóthar Bessboro, An Dúcharraig, Corcaigh

Baile Átha Cliath Theas, Cill Dara, Cill Mhantáin Thiar

Sa Phost: Réigiún Atreorúcháin 2, An tSeirbhís Leasa Oideachais, Tusla, Urlár 2, Foirgneamh Brunel, An Ceantar Theas, Baile Átha Cliath 8

Baile Átha Cliath Thuaidh, Lú, an Mhí, Cabhán, Muineachán

Sa Phost: Réigiún Atreorúcháin 3, An tSeirbhís Leasa Oideachais, Tusla, Urlár na Talún, , Foirgneamh Brunel, An Ceantar Theas, Baile Átha Cliath 8

An Limistéar Thiar/Thuaidh: Gaillimh, Maigh Eo, Dún na nGall, Liatroim, Ros Comáin, an Longfort, Uíbh Fhailí, Laois, an Iarmhí.

Sa Phost: Réigiún Atreorúcháin 4, An tSeirbhís Leasa Oideachais, Tusla, Aonad 19, Ionad Gnó Sandyfort, Bail Uí Ghriallais, An Bóthar Mór, Gaillimh.

- Chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar an riar cásanna, is gá **Atreorúcháin** foirmiúil a dhéanamh chomh luath agus is féidir i scríbhinn, tar éis an t-atreorú neamhfoirmiúil a dhéanamh ar aon bhealach eile (litir, ar an teileafón, le linn cuairteanna ar an scoil etc.)
- Déanfar gach **Atreorúcháin** a faightear a chur in ord tosaíochta le go dtabharfar freagra cuí orthu de réir ghnás bainistíochta cásanna SLO.

Tá an Fhoirm Atreorúcháin ar fáil ar líne ag

www.tusla.ie/services/educational-welfare-services/information-for-schools-inc-absence-reporting/download-reporting-documentation/